RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1227 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 agus (AE) Uimh. 809/2014 a mhéid a bhaineann le beart sonrach chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3), Airteagal 12, Airteagal 67 agus Airteagal 75(5) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 62(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 4(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos an líon uasta leasuithe ar chláir forbartha tuaithe a fhéadfaidh na Ballstáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun an tsolúbthacht a mhéadú le haghaidh na mBallstát chun cláir forbartha tuaithe a úsáid mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin, níor cheart feidhm a bheith ag an líon uasta leasuithe dá dtagraítear san Airteagal sin maidir le tograí chun cláir forbartha tuaithe a rinneadh mar fhreagairt ar iarmhairtí ionradh na Rúise ar an Úcráin ina n-áirítear leasuithe nach mbaineann leis an teagmhas sin freisin, ar choinníoll go gcuirfear na tograí sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2023.

(2) Agus tacaíocht CETFT á húsáid le haghaidh oibríochtaí lena maolaítear tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus le haghaidh gníomhaíochtaí téarnaimh, d'fhéadfadh sé nach mbainfí cuspóirí agus spriocanna eile de chuid cláir forbartha tuaithe amach mar a bhí beartaithe. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar thacaíocht den sórt sin ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin, chun a bheith in ann úsáid chistiú CETFT chun na gcríoch sin a mhíniú agus bonn cirt a thabhairt ina leith.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014, leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Le Rialachán (AE) 2022/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 trí bheart shonrach a thabhairt isteach chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoi CETFT mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin in Airteagal 39c nua. Ba cheart na rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a leasú, dá bhrí sin, chun foráil a dhéanamh maidir le cód tomhais agus leis an táscaire aschuir iomchuí le haghaidh an bhirt nua.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 487.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18).
([4]) Rialachán (AE) 2022/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a mhéid a bhaineann le beart sonrach chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin (IO L 173, 30.6.2022, lch. 34).

(4) Maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún ([5]) lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, le bearta forbartha tuaithe agus le traschomhlíonadh, ba cheart é a leasú freisin chun an beart nua a áireamh maidir le tacaíocht eisceachtúil shealadach mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin faoi fhorálacha ábhartha Theideal IV a bhfuil feidhm acu maidir leis na bearta forbartha tuaithe nach mbaineann le limistéar agus nach mbaineann le hainmhithe.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 agus (AE) Uimh. 809/2014 a leasú dá réir.

(6) I bhfianaise na práinne a bhaineann le tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Forbartha Tuaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4(2), an tríú fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) i gcás ina bhfuil gá le bearta éigeandála de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó theagmhais dhíobhálacha aeráide arna n-aithint go foirmiúil ag an údarás poiblí náisiúnta inniúil, nó de dheasca athrú mór agus tobann i ndálaí socheacnamaíocha an Bhallstáit nó an réigiúin, lena n-áirítear athruithe déimeagrafacha móra tobanna mar thoradh ar imirce nó glacadh teifeach. I gcás ina ndéanfar leasú ar an gclár forbartha tuaithe mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 a chomhcheangal le leasuithe nach mbaineann leis an ngéarchéim, beidh feidhm ag an bhfomhír seo maidir leis na leasuithe comhcheangailte uile, ar choinníoll go ndéanfar an togra chun an clár forbartha tuaithe a leasú a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2021. I gcás ina ndéanfar leasú ar an gclár forbartha tuaithe mar fhreagairt ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin a chomhcheangal le leasuithe nach mbaineann leis an teagmhas sin, beidh feidhm ag an bhfomhír seo maidir leis na leasuithe comhcheangailte uile, ar choinníoll go ndéanfar an togra chun an clár forbartha tuaithe a leasú a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2023;";

(2) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Maidir le cineálacha oibríochtaí ina sainaithnítear rannchuidiú féideartha le réimsí fócais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (2)(a), Airteagal 5, an chéad mhír, pointí (5)(a) go (d), agus Airteagal 5, an chéad mhír, pointe (6)(a), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, maidir le cineálacha oibríochtaí ina sainaithnítear rannchuidiú féideartha le lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha, maidir le cineálacha oibríochtaí lena dtacaítear le maolú ar thionchar ghéarchéim COVID-19 agus le gníomhaíochtaí téarnaimh, nó maidir le cineálacha oibríochtaí lena dtacaítear le maolú ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus le gníomhaíochtaí téarnaimh, áireofar i dtaifead leictreonach na n-oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 brat/bratacha chun na cásanna sin a shainaithint ina bhfuil gné ag an oibríocht lena rannchuidítear le ceann amháin de na réimsí fócais nó de na spriocanna sin nó níos mó.";

(3) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, bearta forbartha tuaithe agus traschomhlíonadh (IO L 227, 31.7.2014, lch. 69).

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014:

"*Airteagal 46*

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Teideal seo maidir le caiteachas arna thabhú faoi na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 20, Airteagal 21(1) ach amháin an phréimh bhliantúil faoi phointí (a) agus (b), Airteagal 27, Airteagal 28(9), Airteagail 35, 36, 39b agus 39c agus Airteagal 51(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus in Airteagal 20, Airteagal 36, pointí (a)(vi),(b)(ii), (vi) agus (vii), Airteagal 36, pointí (b)(i) agus (iii) agus fad a bheidh costas an bhunaithe i gceist, agus Airteagal 52 agus 63 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005.".

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Sa tábla i gCuid 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 808/2014, cuirtear an tsraith seo a leanas isteach:

"Airteagal 39c de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013	tacaíocht eisceachtúil shealadach d'fheirmeoirí agus do FBManna a ndearnadh difear suntasach dóibh le tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin	**22**	tacaíocht eisceachtúil shealadach d'fheirmeoirí agus do FBManna a ndearnadh difear suntasach dóibh le tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin	**22"**

IARSCRÍBHINN II

Sa tábla i bpointe 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sraithe a bhaineann le táscaire aschuir O.4:

"O.4	**An líon gabháltas/tairbhithe a dtugtar tacaíocht dóibh**	3 (Airteagal 16), 4.1 (Airteagal 17), 5 (Airteagal 18), 6 (Airteagal 19), 8.1 go 8.4 (Airteagal 21), 11 (Airteagal 29), 12 (Airteagal 30), 13 (Airteagal 31), 14 (Airteagal 33), 17.1 (Airteagal 36), 21 (Airteagal 39b), 22 (Airteagal 39c) (Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013)"

IARSCRÍBHINN III

Sa tábla i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le 'Tábla C':

"— Tábla C: Miondealú maidir leis na haschuir agus bearta ábhartha de réir chineál an limistéir, inscne agus/nó aoise, de réir oibríochta maidir le hoibríochtaí lena rannchuidítear le lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha**,** de réir oibríochta agus cineál na tacaíochta d'oibríochtaí lena dtacaítear le maolú ar thionchar ghéarchéim COVID-19 agus le gníomhaíochtaí téarnaimh agus de réir oibríochta agus cineál na tacaíochta d'oibríochtaí lena dtacaítear le maolú ar thionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus le gníomhaíochtaí téarnaimh"